

Grúpa Forbartha Bhéarla na hArdteistiméireachta	Cruinniú 2: An 10 Aibreán 24
Mír ar an gClár	Nótaí
Réamhrá ón gCathaoirleach, miontuairiscí agus nuashonruithe	Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh an meitheal agus roimh na nuashonruithe a tugadh.
Nuashonrú ar an gcáipéis eolais agus ar an treoir	Pléadh príomhghnéithe den cháipéis eolais agus den treoir agus déanfar na naisc don chomhairliúchán a scaipeadh. Pléadh na príomhcheisteanna a bhaineann leis an ngrúpa.
Forbhreathnú ar an Teimpléad Sonraíochta	Tugadh isteach struchtúr agus leagan amach theimpléad na sonraíochta nua.
Réasúnaíocht agus Aidhmeanna	Rinneadh samplaí d'aidhmeanna agus réasúnaíocht ó dhlínsí eile a mheas in éineacht le haidhmeanna agus réamhrá ón tsonraíocht roimhe seo. D'oibrigh an grúpa go comhoibríoch leis na príomhréimsí do réasúnaíocht agus aidhmeanna na sonraíochta nua a shainithint.
Snáitheanna	Rinneadh struchtúr na sonraíochtaí eile a scrúdú in éineacht leis na snáitheanna sa Bhéarla ag leibhéal na Bunscoile agus na Sraithe Sóisearaí sular pléadh struchtúr féideartha shonraíocht Bhéarla na hArdteistiméireachta.
Ceisteanna praiticiúla	Pléadh amlíne féideartha agus ceisteanna praiticiúla don ghrúpa.
Seisiún iomlánach	Na chéad chéimeanna eile Beidh an chéad chruinniú eile ar an 9 Bealtaine i bPort Laoise agus beidh an chéad chruinniú eile i ndiaidh sin ar an 29 Lúnasa i mBaile Átha Luain.